**Leasú 445**

**Mercedes Bresso, Miapetra Kumpula-Natri, Nicola Danti, Paolo De Castro, Pina Picierno, Daniela Rondinelli, Alessandra Moretti, Dan Nica, Elsi Katainen, Massimiliano Salini, Elisabetta Gualmini, Pietro Bartolo, Giuliano Pisapia, Achille Variati, Isabella Adinolfi, Fulvio Martusciello, Alessandra Mussolini, Lara Comi, Patrizia Toia, Lucia Vuolo, Fabio Massimo Castaldo, Maria Grapini, Corina Crețu, Franco Roberti, Francesca Peppucci, Beatrice Covassi, Stefania Zambelli, Salvatore De Meo, Aldo Patriciello, Andreas Glueck, Ulrike Müller, Valter Flego, José Ramón Bauzá Díaz, Robert Hajšel, Jan-Christoph Oetjen, Clara Aguilera, Brando Benifei, Giuseppe Ferrandino, Moritz Körner, Herbert Dorfmann, Tudor Ciuhodaru, Camilla Laureti, Rovana Plumb, Mauri Pekkarinen, Bogusław Liberadzki, Angelika Niebler, Matjaž Nemec, Chiara Gemma, Raffaele Stancanelli, Nicola Procaccini, Giuseppe Milazzo, Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi, Vincenzo Sofo, Sergio Berlato, Nikos Papandreou, Nicolás González Casares, Petar Vitanov, Victor Negrescu, Nicola Beer, Irene Tinagli, Marek Paweł Balt**

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i bpointe 3 d’Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030. | 2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i bpointe 3 d’Iarscríbhinn V amhail ón 1 Eanáir 2030 ***murar féidir leo a léiriú go ndéantar 85 % ar a laghad, de réir meáchain, den dramhaíl ó phacáistíocht a chuireann siad ar an margadh lena tomhailt láithreach a bhailiú ar leithligh lena hathchúrsáil ag an díolphointe, bunaithe ar an bpríomhábhar pacáistíochta***.<br><br>***Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 3 meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht a bhailítear ar leithligh de réir an ábhair a thuairisciú don Bhallstát ar bhonn bliantúil. Déanfaidh gach Ballstát sonraí comhiomlánaithe de réir an ábhair pacáistíochta a bhailítear ar*** |

***leithligh a chur ar fáil don Choimisiún.***

Or. en

*Réasúnú*

*Tugtar isteach leis an leasú maolú ar na toirmisc a mholtar in Airteagal 22 agus Iarscríbhinn V, pointe 3, eadhon maidir le pacáistíocht bhia agus dí a bhailítear ar leithligh le haghaidh athchúrsála. Comhlánaítear togra den sórt sin le hoibleagáid tuairiscithe atá ar oibreoirí HORECA.*

**Leasú 446**
**Mercedes Bresso, Miapetra Kumpula-Natri, Nicola Danti, Paolo De Castro, Pina Picierno, Daniela Rondinelli, Alessandra Moretti, Dan Nica, Elsi Katainen, Massimiliano Salini, Elisabetta Gualmini, Pietro Bartolo, Giuliano Pisapia, Achille Variati, Isabella Adinolfi, Fulvio Martusciello, Alessandra Mussolini, Lara Comi, Patrizia Toia, Lucia Vuolo, Fabio Massimo Castaldo, Maria Grapini, Corina Crețu, Franco Roberti, Francesca Peppucci, Beatrice Covassi, Stefania Zambelli, Salvatore De Meo, Aldo Patriciello, Andreas Glueck, Ulrike Müller, Valter Flego, Robert Hajšel, Jan-Christoph Oetjen, Clara Aguilera, Brando Benifei, Giuseppe Ferrandino, Moritz Körner, Herbert Dorfmann, Tudor Ciuhodaru, Camilla Laureti, Rovana Plumb, Mauri Pekkarinen, Bogusław Liberadzki, Angelika Niebler, Matjaž Nemec, Chiara Gemma, Raffaele Stancanelli, Nicola Procaccini, Giuseppe Milazzo, Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi, Vincenzo Sofo, Sergio Berlato, Nikos Papandreou, Nicolás González Casares, Petar Vitanov, Victor Negrescu, Nicola Beer, Irene Tinagli, Marek Paweł Balt**

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Faoin 1 Eanáir 2029, áiritheoidh an dáileoir deiridh a dhéanfaidh bia agus deochanna arna líonadh agus arna dtomhailt laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na lónadóireachta a chur ar fáil ar an margadh go gcuirfear córais bailithe ar leithligh ar bun do na codanna éagsúla d'ábhair dhramhaíola ó phacáistíocht, chun cabhrú leis an tomhaltóir dramhaíl ó phacáistíocht a shórtáil.*** <br><br> ***Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha atá faoi réir na hoibleagáide dá dtagraítear i mír 3 meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht a bhailítear ar leithligh de réir an ábhair a thuairisciú don Bhallstát ar bhonn bliantúil. Déanfaidh gach Ballstát sonraí comhiomlánaithe de réir an ábhair pacáistíochta a bhailítear ar leithligh a chur ar fáil don Choimisiún.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Tugtar isteach leis an leasú oibleagáid maidir le bailiú ar leithligh ar earnáil HORECA le haghaidh pacáistíocht bhia agus deochanna. Comhlánaíonn an leasú seo an smaoineamh maidir le maolú ar na toirmisc a mholtar in Airteagal 22 agus in Iarscríbhinn V nuair a bhaintear amach sprioc áirithe maidir le bailiú ar leithligh le haghaidh athchúrsála.*